**Leasú 82**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 34**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 34. ***á chur in iúl gur geal léi imeachtaí um shárú a bheith á dtionscnamh ag an gCoimisiún*** i ndáil leis na forálacha nua thuasluaite; á iarraidh ar an gCoimisiún a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais úsáid a bhaint as an nós imeachta brostaithe agus bearta eatramhacha a dheonú, a mhéid a bhaineann leis an gcás a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais; | 34. ***á chur in iúl nach bhfeictear di, i bhfianaise na mínithe arna soláthar ag údaráis na Polainne agus thorthaí na n-imeachtaí reatha, go bhfuil aon fhorais ann don Choimisiún*** imeachtaí um shárú a thionscnamh i ndáil leis na forálacha nua thuasluaite; á iarraidh ar an gCoimisiún a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais úsáid a bhaint as an nós imeachta brostaithe agus bearta eatramhacha a dheonú, a mhéid a bhaineann leis an gcás a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais; |

Or. en

11.9.2020 A9-0138/83

**Leasú 83**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 35**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 35. ***ag cáineadh*** chumasc oifig an Aire Dlí agus Cirt agus oifig an Phríomh-Ionchúisitheora, chumhachtaí méadaithe an Phríomh-Ionchúisitheora maidir leis an gcóras ionchúisimh, chumhachtaí méadaithe an Aire Dlí agus Cirt i leith na mbreithiúna (Gníomh an 27 Iúil 2001 maidir le heagrú cúirteanna coiteanna[77] ***, arna leasú***) ***agus na staide laige ina bhfuil na srianta ar na cumhachtaí sin (Comhairle Náisiúnta na nIonchúisitheoirí Poiblí), ar rudaí iad is cúis le barraíocht cumhachtaí a bheith á gcarnadh d'aon duine amháin agus a bhfuil iarmhairtí diúltacha díreacha acu ar neamhspleáchas an chórais ionchúisimh ó thaobh na réimse polaitiúla de, mar a luaigh Coimisiún na Veinéise***[78] ; | 35. ***ag aithint go*** dtagann cumasc oifig an Aire Dlí agus Cirt agus oifig an Phríomh-Ionchúisitheora ***Phoiblí***, cumhachtaí méadaithe an Phríomh-Ionchúisitheora ***Phoiblí*** maidir leis an gcóras ionchúisimh, ***agus*** cumhachtaí méadaithe an Aire Dlí agus Cirt i leith na mbreithiúna (Gníomh an 27 Iúil 2001 maidir le heagrú cúirteanna coiteanna) ***faoi inniúlacht eisiach na mBallstát a mhéid a bhaineann le heagrú agus struchtúr*** na ***mbreithiúna***; |

[77] Ustawa z dnia 27 lipca 2001 r. Prawo o ustroju sądów powszechnych (Dz.U. 2001 nr 98 poz. 1070).

[78] Tuairim ó Choimisiún na Veinéise an 8-9 Nollaig 2017 i dtaca leis an nGníomh maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí, arna leasú, CDL-AD(2017)028, mír 115.

Or. en

**Leasú 84**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 36**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***36. á mheabhrú gur fhionn an Chúirt Bhreithiúnais, ina breithiúnas an 5 Samhain 2019, go bhfuil ísliú aois scoir ionchúisitheoirí poiblí contrártha do dhlí an Aontais mar gheall gur bhunaigh sé aois scoir éagsúil d'ionchúisitheoirí poiblí fireanna agus baineanna sa Pholainn;*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 85**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 37**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 37. ***ag aontú leis an gCoimisiún, le Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa*** agus leis an ***nGrúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta agus Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Neamhspleáchas Breithiúna agus Dlíodóirí gurb ionann na hathruithe ar leithligh thuasluaite ar an gcreat reachtach a rialaíonn*** córas na mbreithiúna, ***i bhfianaise*** a ***n-idirghníomhaíochta agus an tionchair fhoriomláin*** atá acu, agus sárú tromchúiseach, ***marthanach*** agus córasach ar an smacht reachta***, lena gcuirtear ar chumas*** na gcumhachtaí reachtacha ***agus*** feidhmiúcháin ***cur isteach ar struchtúr agus aschur iomlán an chórais cheartais ar bhealach atá ar neamhréir leis na prionsabail scaradh cumhachtaí agus leis an smacht reachta, agus, sa chaoi sin, neamhspleáchas na mbreithiúna sa Pholainn a laghdú go suntasach[79] ; ag cáineadh tionchar díchobhsaíochta na mbeart agus na gceapachán a rinne údaráis na Polainne ó 2016*** ar dhlíchóras na Polainne; | 37. ***I bhfianaise*** na mínithe ***a sholáthair údaráis na Polainne*** agus na ***dtorthaí a fuarthas le linn an nós imeachta sin,*** ní sárú tromchúiseach, ***leanúnach*** agus sistéamach ar an smacht reachta iad ***na hathchóirithe thuasluaite ar*** an gcóras breithiúnach, ***i bhfianaise a réasúnaíochta agus a gcuspóra, agus is féidir, dá mbarr, prionsabal na seiceálacha agus na gcothromaíochtaí idir*** na húdaráis reachtacha***,*** feidhmiúcháin ***agus bhreithiúnacha*** a neartú ***tríd an gcóras breithiúnach sa Pholainn a mhúnlú go comhpháirteach***; |

[79] Moladh (AE) 2018/103 ón gCoimisiún; Na Náisiúin Aontaithe, Rapóirtéir Speisialta maidir le neamhspleáchas breithiúna agus dlíodóirí, Ráiteas an 25

Meitheamh 2018; An Coimisiún Eorpach, Seimeastar Eorpach 2019: Tuarascáil tíre - an Pholainn, an 27 Feabhra 2019, SWD(2019) 1020 final, lch. 42; Uachtaráin Ghréasán Eorpach na gComhairlí um na Breithiúna, Líonra Uachtaráin na gCúirteanna Uachtaracha den Aontas Eorpach agus Comhlachas na mBreithiúna Eorpacha, litir an 20 Meán Fómhair 2019; GRECO, Obair leantach ar an Aguisín a ghabhann leis an gCeathrú Babhta de Thuarascáil Mheastóireachta (riail 34) – an Pholainn, 6 Nollaig 2019, mír 65; PACE, Rún 2316 (2020) an 28 Eanáir 2020 maidir le feidhmiú institiúidí daonlathacha sa Pholainn, mír 4.

Or. en

11.9.2020 A9-0138/86

**Leasú 86**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Fo-cheannteideal 15**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Cosaint ar chearta bunúsacha sa Pholainn*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 87**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Fo-cheannteideal 16**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Coimisinéir na Polainne um Chearta an Duine*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 88**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 38**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***38. á chur in iúl gur díol buartha di na hionsaithe polaitiúla maidir le neamhspleáchas Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine[80] ; á thabhairt chun suntais go raibh an Coimisinéir um Chearta an Duine criticiúil go poiblí, laistigh dá réimse freagrachta, faoi bhearta éagsúla a ghlac an rialtas reatha; á mheabhrú go bhfuil reacht an Choimisinéara um Chearta an Duine cumhdaithe i mBunreacht na Polainne agus go mbeidh deireadh ag teacht le téarma oifige an Choimisinéara um Chearta an Duine reatha i mí Mheán Fómhair 2020;*** | ***scriosta*** |

***[80] Féach, freisin, Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, Litir chuig Príomh-Aire na Polainne, an 19 Eanáir 2018; Ráiteas Comhpháirteach ag Tacú le Coimisinéir um Chearta an Duine na Polainne, sínithe ag ENNHRI, Equinet, GANHRI, IOI, OHCHR Europe, mí an Mheithimh 2019.***

Or. en

**Leasú 89**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Fo-cheannteideal 17**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***An ceart chun triail chóir a fháil*** | ***scriosta*** |

Or. en

**Leasú 90**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 39**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***39. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na tuarascálacha ina líomhnaítear go mbíonn moilleanna míchuí ar imeachtaí cúirte, go mbíonn deacrachtaí ann maidir le cúnamh dlíthiúil a rochtain le linn gabhála, agus gurb ann do chásanna nach ndéantar urraim leordhóthanach do rúndacht na cumarsáide idir an comhairleoir agus an cliant[81] ; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an staid maidir le dlíodóirí sa Pholainn; á mheabhrú an ceart atá ag gach saoránach comhairle, cosaint agus ionadaíocht a fháil ó dhlíodóir neamhspleách i gcomhréir le hAirteagail 47 agus 48 den Chairt;*** | ***scriosta*** |
| ***[81] Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (HRC), Breithnithe deiridh maidir leis an seachtú tuarascáil thréimhsiúil faoin bPolainn, 23 Samhain 2016, mír 33.*** | |

Or. en

**Leasú 91**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 40**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| ***40. á chur in iúl gur cúis bhuartha di, ó tháinig Gníomh an 20 Nollaig 2019 i bhfeidhm an 14 Feabhra 2020, gurb é an Dlísheomra Urghnách amháin, a bhfuil a neamhspleáchas agus neamhchlaontacht féin i gceist, ar féidir leis a chinneadh an bhfuil breitheamh, binse nó cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta agus, dá bhrí sin, go ndéantar gné thábhachtach d'athbhreithniú breithiúnach a bhaint de shaoránaigh i ngach cás eile[82] ; á mheabhrú, tar éis chásdlí na Cúirte Breithiúnais, go gcuireann an ceart chun triail chóir a fháil d'oibleagáid ar gach cúirt a sheiceáil, ar a tionscnamh féin, an gcomhlíonann sí critéir an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta[83] ;*** | ***scriosta*** |

***[82] Coimisiún na Veinéise agus DGI de Chomhairle na hEorpa, Tuairim Chomhpáirteach Phráinneach an 16 Eanáir 2020, mír 59.***

***[83] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 26 Márta 2020, Simpson v an Chomhairle agus HG v an Coimisiún,Cásanna Uamtha Cás C-542/18 RX-II agus C-543/18 RX-II, ECLI:EU:C:2020:232, mír 57.***

Or. en